Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2017**
**(OR. ga)**

**12704/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0304 (COD)**

**CORDROGUE 119**
**SAN 331**
**DROIPEN 124**
**JAI 851**
**CODEC 1482**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Meán Fómhair 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 560 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle chun substaintí sícighníomhacha nua a chur san áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga' agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/387/GCB ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 560 final.

---

Faoi iamh: COM(2017) 560 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.9.2017
COM(2017) 560 final

2013/0304 (COD)

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle chun substaintí sícighníomhacha nua a chur san áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga' agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/387/GCB ón gComhairle**

2013/0304 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle chun substaintí sícighníomhacha nua a chur san áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga' agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/387/GCB ón gComhairle**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<br>(doiciméad COM(2013) 618 final - 2013/0304 (COD): | 17.9.2013. |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa:<br>(IO C 177, 11.6.2014, lch. 52). | 21.1.2014. |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | 17.4.2014. |
| An dáta a tíolacadh an togra leasaithe: | N/B. |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | 25.9.2017. |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Tá an Treoir ina cuid de phacáiste de dhá thogra reachtacha maidir le substaintí sícighníomhacha nua a chuir an Coimisiún ar aghaidh an 17 Meán Fómhair 2013, mar atá: togra le haghaidh Rialachán maidir le substaintí sícighníomhacha nua[1], agus togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí drugaí, i ndáil leis an sainmhíniú ar dhruga[2].

Ba é an cuspóir a bhí leis an bpacáiste an fháil ar shubstaintí sícighníomhacha nua a ngabhann riosca leo a laghdú trí ghníomhaíocht atá níos tapa agus níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais ná an ghníomhaíocht a dhéantar faoi láthair laistigh den chóras atá bunaithe ar Chinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle an 10 Bealtaine 2005 maidir le malartú faisnéise, measúnú riosca agus rialú substaintí sícighníomhacha nua[3].

1 COM(2013) 619 final
2 COM(2013) 618 final
3 IO L 127, 10.5.2005, lch. 32. Rinneadh anailís ar na roghanna difriúla beartais sa mheasúnú tionchair atá ag gabháil leis an dá thogra, SWD(2013) 319 final.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Tá idirbheartaíocht ar an bpacáiste seo ar siúl le níos mó ná ceithre bliana anuas. Sa Chomhairle, le linn dóibh scrúdú a dhéanamh ar na tograí, chuir na Ballstáit amhras in iúl maidir le hAirteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a roghnú mar bhunús dlí don Rialachán atá beartaithe. D'fhonn an cuspóir céanna a bhaint amach – is é sin, gníomhaíocht níos tapa agus níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i leith substaintí sícighníomhacha nua – d'aontaigh Coiste na mBuanionadaithe (COREPER) an 6 Aibreán 2016[4] leis an gcur chuige a mhol an Uachtaránacht.

Mar chuid den chur chuige nua sin, éiríodh as coincheap thogra na bliana 2013 le haghaidh Rialachán maidir le substaintí sícighníomhacha nua a bheadh bunaithe ar Airteagal 114 CFAE. Cuireadh forálacha thogra na bliana 2013 ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le substaintí sícighníomhacha nua san áireamh, ar thaobh amháin, i dtéacs na Treorach lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle, agus, ar an taobh eile, i dtéacs togra nua lena leasaítear an Rialachán lena mbunaítear an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA), is é sin, Rialachán 1920/2006, togra ar iarradh ar an gCoimisiún é a chur i láthair. Ghlac an Coimisiún an togra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 maidir le malartú faisnéise, córas luathrabhaidh agus nós imeachta measúnaithe riosca i dtaobh substaintí sícighníomhacha nua an 29 Lúnasa 2016[5]. Rinneadh togra 2013 le haghaidh Rialachán maidir le substaintí sícighníomhacha nua a tharraingt siar agus Clár Oibre an Choimisiúin don bhliain 2017 á ullmhú.

Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil faoin reachtaíocht ag cruinniú tríthaobhach an 29 Bealtaine 2017, agus thacaigh COREPER leis an 31 Bealtaine 2017 agus thacaigh an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile leis an 8 Meitheamh 2017.

I gcomhréir leis an gcur chuige nua a bhfuil cur síos air thuas, tá leasuithe suntasacha i dtéacs na Treorach ar thogra na bliana 2013 ón gComhairle le haghaidh Treoir lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004. Go háirithe, tá forálacha sa Treoir anois maidir leis an sainmhíniú atá ar shubstaintí sícighníomhacha nua agus maidir le cinnteoireacht thapa ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le substaintí sícighníomhacha nua. Tá liosta de na substaintí atá incháilithe mar shubstaintí sícighníomhacha nua in Iarscríbhinn nua a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB, Iarscríbhinn a bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún í a leasú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe chun substaintí sícighníomhacha nua a chur san áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga'. Tá gach substaint atá liostaithe san Iarscríbhinn cumhdaithe ag na forálacha dlí coiriúla a leagtar síos sa Chinneadh Réime, i gcomhréir lena bhunús dlí, Airteagal 83(1) CFAE. Tá an pacáiste fós ag teacht le bunchuspóir an Choimisiún, áfach, mar atá an fháil ar shubstaintí sícighníomhacha nua a ngabhann riosca leo a laghdú trí ghníomhaíocht atá níos tapa agus níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais ná an ghníomhaíocht a dhéantar laistigh den chóras atá i bhfeidhm faoi láthair.

## 4. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún go hiomlán leis an seasamh ón gComhairle toisc go mbaintear an cuspóir a bhí ag an gCoimisiún i dtús ama amach leis fós.

---

4 Taifead achomair, doiciméad 7908/1/16 REV. 1 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016.

5 COM(2016) 547 final